Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**7878/18**

**FIN 304**
**CADREFIN 26**
**FC 14**
**FSTR 14**
**REGIO 18**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Aibreán 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7377/18 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 1/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Comhchúnamh chun Tacú le Tionscadail i Réigiúin na hEorpa (JASPERS) - caithfear spriocdhíriú níos fearr a dhéanamh amach anseo"<br>- Conclúidí ón gComhairle (12 Aibreán 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le "Comhchúnamh chun Tacú le Tionscadail i Réigiúin na hEorpa (JASPERS), a ghlac an Chomhairle ag an 3611ú cruinniú dá cuid, a tionóladh ar an 12 Aibreán 2016.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 1/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Comhchúnamh chun Tacú le Tionscadail i Réigiúin na hEorpa (JASPERS) - caithfear spriocdhíriú níos fearr a dhéanamh amach anseo"**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear "an Chúirt" anseo feasta) agus na freagraí ón gCoimisiún;

(2) AITHNÍONN SÍ ról JASPERS i ndáil le cúnamh teicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit agus i ndáil le tacú leo sochair iomlána bheartas comhtháthaithe an Aontais a fháil;

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE na cinntí ón gCúirt, go háirithe an méid seo a leanas:

a) Na laigí sa sainmhíniú ar phríomhchuspóirí, ar phríomhróil agus ar phríomhfhreagrachtaí JASPERS;

b) Dea-thionchar JASPERS ar fhormheas níos tapúla na dtionscadal agus ar cháilíocht fhoriomlán na dtionscadal, cé nach raibh aon fhianaise ann go raibh aon tionchar ar ionsú cistí;

c) Iarrachtaí JASPERS an cumas riaracháin a fheabhsú, cé nár tháinig an Chúirt ar aon fhianaise gur tharla an feabhsú seo ar an gcumas riaracháin;

d) Na heasnaimh i ngníomhaíochtaí pleanála, faireacháin agus meastóireachta JASPERS;

(4) AITHNÍONN SÍ breisluach JASPERS agus an tionchar atá aige ar chéim réamhullmhúcháin na dtionscadal, an tacaíocht chothrománach a fhaigheann lucht déanta beartas faoin tionscnamh, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI na himpleachtaí ar an gcoigilteas atá ag rannpháirtíocht JASPERS i bhforbairt tionscadal agus gur tugadh faoi deara go bhfuil níos lú earráidí ag roinnt le tionscadail a fhaigheann cúnamh ó JASPERS ná mar a bhíonn ag roinnt le tionscadail nach bhfaigheann cúnamh ar bith uaidh;

(5) AITHNÍONN sí an measúnú dearfach a rinneadh ar an ról a bhí ag an tioncsnamh i dtaca le forbairt a dhéanamh sna Ballstáit ar thionscadail ardchaighdeáin arna gcómhaoiniú ag an Aontas agus a fuair tacaíocht nach beag ó JASPERS; MEASANN SÍ, áfach, go bhfeilfeadh spriocdhíriú níos fearr do ghnéithe áirithe den tionscnamh feasta;

(6) TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS gur ghlac an Coimisiún, go hiomlán nó go páirteach, le moltaí na Cúirte agus IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil bearta áirithe déanta ag an gCoimisiún cheana i ndáil leis sin, go háirithe trí fheabhas a chur ar phróisis an Athbhreithnithe Neamhspleáigh Cáilíochta (ANC) agus trí na rioscaí a mhaolú i leith easpa neamhchlaontachta i ndáil le feidhmeanna comhairleacha JASPERS;

(7) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé rannpháirt a thabhairt do BEI chun go gcuirfear moltaí na Cúirte chun feidhme go rathúil; agus IARRANN SÍ ar BEI comhoibriú go hiomlán sna hiniúchtaí a dhéanfar amach anseo;

(8) I bhfianaise an mhéid thuas, agus gan dochar do thoradh na hidirbheartaíochta faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) a ról comhordúcháin agus rialaithe maidir le JASPERS a neartú agus, ag an am céanna, róil agus freagrachtaí na bpríomhpháirtithe leasmhara a shoiléiriú chun cur leis an trédhearcacht agus leis an gcuntasacht;

b) an phleanáil straitéiseach fhoriomlán a dhéanann sé ar oibríochtaí JASPERS a choigeartú, bunaithe ar shainriachtanais na mBallstát agus i gcomhréir le cuspóirí bheartas comhtháthaithe an Aontais;

c) leanúint de na hiarrachtaí chun neamhspleáchas a áirithiú agus a choimeád idir na próisis ANC agus feidhmeanna comhairleacha arna ndéanamh ag JASPERS;

d) córais chuimsitheacha faireacháin agus mheastóireachta a thabhairt isteach i leith ghníomhaíochtaí agus chuspóirí JASPERS;

e) gníomhú chun díriú, éifeachtúlacht agus éifeachtacht JASPERS a bharrfheabhsú, agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh costais JASPERS réasúnta, gurb ionann iad agus na costais iarbhír a thabhaítear, agus go gcuirtear i gcomparáid iad leis an aschur agus leis na torthaí a bhaintear amach;

f) iniúchadh a dhéanamh ar an nglacadh a dhéantar ar chúnamh JASPERS i réimsí nó in earnálacha eile téamacha i gcomhréir le riachtanais shonracha na mBallstát agus, ag an am céanna, an díriú ar thionscadail mhórscála á chothabháil;

g) breathnú ar shásraí chun cur le haistriú feasa gnó ó JASPERS chuig na riaracháin náisiúnta agus réigiúnacha lena mbaineann agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le forbairt an chumais riaracháin ar leibhéal na mBallstát agus ar an leibhéal réigiúnach.